



PREASEISIÚINT Uimh. 159/25

Lucsamburg, 18 Nollaig 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-136/24 P | Hamoudi v Frontex

Caingean le haghaidh damáistí i gcoinne Frontex i gcás brú siar: cosnaíonn an Chúirt an ceart chun athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil

Ba cheart don Chúirt Ghinearálta an dualgas cruthúnais a choigeartú agus gnéithe atá i seilbh Frontex a scrúdú chun an t-athbhreithniú sin a áirithiú

Maíonn náisiúnach Siriach, Alaa Hamoudi, gur fhulaing sé brú siar ar an Muir Aeigéach nuair a tháinig sé i dtír ar oileán Samas na Gréige chun tearmann a lorg i mí Aibreáin 2020. Dar leis, chuir údaráis na Gréige ar ais san fharraige le lámh láidir é fad agus a bhí dhá ghníomhaíocht oibríochtúla Frontex ar siúl agus eitleán a bhí ag feidhmiú do Frontex ag eitilt thar an láthair. D'iarr sé ar an gCúirt Ghinearálta ordú a thabhairt do Frontex é a chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing sé. Dhíbh an Chúirt Ghinearálta a chaingean in éagmais fianaise chríochnaitheach go raibh sé i láthair tráth an brú siar sin, gan seasamh le hiarrataí an iarratasóra go n-ordófaí do Frontex doiciméid áirithe atá ina sheilbh a chur ar fáil a bheadh in ann bunús a thabhairt leis an gcaingean sin. Ar achomharc, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais an cinneadh sin ar neamhní. Measann sí gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta ceart an achomharcóra chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil trí mhainneachtain na rialacha lena rialaítear an dualgas cruthúnais agus glacadh fianaise a chur i bhfeidhm i gceart i gcomhthéacs brú siar líomhnaithe a bhaineann le Frontex. I bhfianaise a dheacra atá sé, nó a dhodhéanta atá sé fiú, d'íospartaigh brú siar den sórt sin fianaise chríochnaitheach a bhailiú ina leith, agus toisc go bhféadfadh fianaise den sórt sin a bheith i seilbh Frontex, ní mór an dualgas cruthúnais sin a choigeartú chun an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a urramú. Dá bhrí sin, i gcás ina soláthraíonn iarratasóir a mhaíonn gur íospartach brú siar é fianaise atá mionsonraithe, sonrach agus comhsheasmhach go leor chun bheith ina fianaise *prima facie*, tá sé d'oibleagáid ar an gCúirt Ghinearálta an cas a scrúdú chun a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar fhírinneacht an brú siar sin agus ar láithreacht an iarratasóra ann. Sa chás seo, ba cheart don Chúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, bearta a dhéanamh chun an fhaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil do Frontex sin a fháil ón ngníomhaireacht sin. Tarchuirtear an cas ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, a mbeidh uirthi rialú nua a thabhairt i gcomhréir leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

Mhaígh Alaa Hamoudi, náisiúnach Siriach, gur fhulaing sé brú siar an 28 agus an 29 Aibreán 2020. Mhaígh sé go raibh sé mar chuid de ghrúpa de 22 dhuine a tháinig i dtír an 28 Aibreán 2020 ar oileán Samos, an Ghréig, chun iarratas a dhéanamh ar thearmann ansin. Mar sin féin, nuair a tháinig siad i dtír, choigistigh na póilíní áitiúla a ngutháin agus thug siad chuig an trá iad, áit ar cuireadh iallach orthu dul ar bord arís agus ar cuireadh ar ais chuig an bhfarraige iad. An lá dár gcionn, thug bád de chuid Gharda Cósta na Tuirce na daoine sin ar bord agus d'aistrigh sé chuig an Tuirc iad. De réir Hamoudi, le linn an bhrú siar sin, d'éitil aerárthach faireachais arna oibriú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) thar an láthair roinnt uaireanta.

I gcaingean os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, d'iarr Hamoudi go n-ordófaí do Frontex cúiteamh a íoc as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a d'fhulaing sé mar thoradh ar an mbrú siar sin ina líomhnaítear go raibh baint ag Frontex leis. Agus í den tuairim nár léirigh an fhianaise a chuir Hamoudi ar fáil go cinntitheach go raibh sé i láthair le linn an mbrú siar sin agus, dá bhrí sin, gur bhain damáiste dó mar thoradh air sin, dhíbh an

Chúirt Ghinearálta ¹ a chaingean toisc nach raibh bunús léi go follasach, gan iarrataí Hamoudigo n-ordófaí do Frontex doiciméid áirithe atá ina sheilbh a chur ar fáil a bheadh in ann bunús a thabhairt leis an gcaingean sin a dheonú. Ansin, thug Hamoudi achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais ansin.

Lena breithiúnas inniu, cuireann an Chúirt an t-ordú atá faoi achomharc ar neamhní agus tarchuireann sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

Measann an Chúirt gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta ceart Hamoudi chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil trí mhainneachtain na rialacha a bhaineann leis an dualgas cruthúnais agus glacadh fianaise a chur i bhfeidhm i gceart i gcomhthéacs brú siar líomhnaithe a bhaineann le Frontex.

Meabhraíonn an Chúirt go bhfuil **Frontex**, mar chuid den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, freagrach go dlíthiúil as na gníomhaíochtaí a rialaíonn nó a chomhordaíonn sé. Ina theannta sin, **ceanglaítear** le Rialachán Frontex ² ar an ngníomhaireacht sin **a áirithiú**, le linn na ngníomhaíochtaí sin, **go n-urramófar cearta bunúsacha** agus **prionsabal an non-refoulement**.

Tugann an Chúirt faoi deara go mbeadh an **ceart chun leigheas éifeachtach a fháil**, a ráthaítear le **hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha**, meabhlach dá gceanglófaí ar íospartaigh brú siar i gceantar ina raibh oibríochtaí á ndéanamh ag Frontex a léiriú le **fianaise chríochnaitheach** gurb ann don bhrú siar sin agus go raibh siad i láthair le linn an mbrú siar sin. Ag an am ábhartha, tá na híospartaigh sin i staid an-leochaileach, rud a fhágann go bhfuil sé an-deacair nó dodhéanta fiú dóibh fianaise den sórt sin a bhailiú, rud a d'fhéadfadh díolúine *de facto* a thabhairt do Frontex agus cosaint éifeachtach chearta bunúsacha na n-íospartach sin a chur i mbaoil. Ina theannta sin, is dócha go mbeidh faisnéis ag Frontex chun a chruthú gurb ann do bhrú siar i bhfianaise an chúraim atá air sonraí oibríochtúla a bhailiú agus i bhfianaise na hoibleagáide atá air urraim do chearta bunúsacha a áirithiú le linn a chuid oibríochtaí.

Dá bhrí sin, measann an Chúirt go n-éilítear leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil **coigeartú ar an dualgas cruthúnais** sa chaoi nach mór do dhuine a mhaíonn go bhfuil sé ina íospartach de bhrú siar a bhaineann le Frontex **fianaise ní críochnaitheach ach *prima facie*** a chur ar fáil gurb ann don bhrú siar sin agus go raibh sé i láthair le linn an mbrú siar sin. Ina theannta sin, measann an Chúirt, sa chás seo, go raibh ráiteas finné i scríbhinn Hamoudi agus alt preasa ina ndéantar cur síos ar an oibríocht brú siar a mhaíonn sé a bheith ina íospartach **mionsonraithe, sonrach agus comhsheasmhach** go leor chun a bheith ina bhfianaise *prima facie* den sórt sin.

Sonraíonn an Chúirt, **i gcás ina gcuirtear fianaise *prima facie* den sórt sin ar fáil, tá sé d'oibleagáid ar an gCúirt Ghinearálta an cás a scrúdú chun a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar fhírinneacht** an bhrú siar sin agus an raibh an t-iarratasóir i láthair ann. Dá bhrí sin, ba cheart don Chúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin a dhéanamh chun an fhaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil do Frontex a fháil ón ngníomhaireacht sin, mar a d'iarr an tUasal Hamoudi.

Dá bhrí sin, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais an t-ordú atá faoi achomharc ar neamhní agus tarchuireann sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh rialú nua, agus na ceanglais a eascraíonn as an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil d'íospartaigh ionchasacha brú siar á gcur san áireamh.

NÓTA: D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ghinearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna thabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Ordú an 13 Nollaig 2023, *Hamoudi v Frontex*, [T-136/22](#) (féach freisin preaseisiúint [Uimh. 188/23](#)).

² [Rialachán \(AE\) 2019/1896](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach